Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11262/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0275 (NLE)**

**PECHE 271**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a chur chun feidhme |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a chur chun feidhme**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1+],

---

[1] Toiliú an …(nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil)
[+] IO: comhlánaigh an fonóta thuas, le do thoil.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/[1+] ón gComhairle, an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook ("an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha") a chur chun feidhme, a rachaidh in éag an 13 Deireadh Fómhair 2020, síníodh é an …[++] , faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Is é is aidhm don Chomhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha a chur ar a gcumas don Aontas Eorpach agus do Rialtas Oileáin Cook leanúint de bheith ag obair le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe agus saothrú fónta acmhainní iascaigh in uiscí Oileáin Cook a chur chun cinn, agus ligean do shoithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sna huiscí sin.

(3) Ba cheart an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

**1** Cinneadh (AE) 2020/… an … ón gComhairle, maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a chur chun feidhme (IO L …, …, lch. …).

\+ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 11261/20, agus comhlánaigh an fonóta a fhreagraíonn dó.

++ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha atá i ndoiciméad ST 11271/20,

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a chur chun feidhme a fhormheas thar ceann an Aontais[1+].

*Airteagal 2*

Déanfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an fógra a thabhairt dá bhforáiltear i bpointe 6 den Chomhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha[2].

---

1 Foilsíodh an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha in …[cuir isteach tagairtí IO].

+ Toscaireachtaí: féachaigí doiciméad st11271/20.

2 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta ar uaidh a chuirfear an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha i bhfeidhm go sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*